# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1195 ÓN gCOIMISIÚN

**an 20 Meitheamh 2023**

**lena leagtar síos rialacha maidir le mionsonraí agus formáid na faisnéise atá le cur ar fáil ag na Ballstáit maidir le torthaí imscrúduithe oifigiúla a bhaineann le cásanna éillithe le táirgí nó substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 29(8), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2018/848 nach mór d'údaráis inniúla na mBallstát torthaí na n-imscrúduithe agus na mbeart a rinne siad a dhoiciméadú i gcás ina bhfuil táirgí agus substaintí ann nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach de bhun Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 29(6) de Rialachán (AE) 2018/848, ní mór do na Ballstáit faisnéis a roinnt leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún maidir le haon bheart atá déanta acu chun dea-chleachtais a cheapadh agus maidir le haon bheart breise chun nach mbeidh táirgí agus substaintí ann nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach.

(2) Le hAirteagal 29(9) de Rialachán (AE) 2018/848 ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis ábhartha maidir le cásanna éillithe le táirgí nó substaintí neamhúdaraithe a tharchur go leictreonach, tríd an gcóras ríomhaireachta arna chur ar fáil ag an gCoimisiún.

(3) Chun dúbláil a sheachaint maidir leis na modhanna lena dtarchuireann na Ballstáit an fhaisnéis uile a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/848 chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit eile, na mionsonraí agus an fhormáid atá le húsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 29(6) den Rialachán sin a chur in iúl, d'fhéadfaí iad a úsáid freisin chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 29(9) den Rialachán sin a tharchur. Ba cheart do na Ballstáit Córas Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí (OFIS) a úsáid chun na críche sin.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um tháirgeadh orgánach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Mionsonraí agus formáid na faisnéise maidir le himscrúduithe oifigiúla, dea-chleachtais agus bearta breise a bhaineann le héilliú le táirgí agus substaintí neamhúdaraithe**

Úsáidfidh na Ballstáit Córas Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí (OFIS) agus an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo chun torthaí doiciméadaithe na n-imscrúduithe oifigiúla arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 29(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848 a chur ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún, chomh maith le haon bheart atá déanta ag na húdaráis inniúla chun dea-chleachtais agus bearta breise a cheapadh chun nach mbeidh táirgí agus substaintí ann nach bhfuil údaraithe, de bhun Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach.

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Teimpléad OFIS dá dtagraítear in Airteagal 1**

CUID I

**Faisnéis maidir le torthaí na n-imscrúduithe oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 29(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/848 agus maidir le bearta chun a áirithiú nach mbeidh táirgí agus substaintí ann nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach**

| 1. **Tagairt do na himscrúduithe oifigiúla nó, más infheidhme, tagairt do na cásanna** | | | |
|---|---|---|---|
| 2. **Ainm an táirge orgánaigh nó an táirge atá á thiontú nó ábhar eile a sampláladh:**<br><br>(a)<br>☐ Bia<br>☐ Beatha<br>☐ Ábhar plandaí<br>☐ Ithir<br>☐ Eile (sonraítear)<br><br>(b)<br>— Ainmníocht táirge cód AC | 3. **Méid na dtáirgí atá éillithe** (cileagraim, lítir nó, i gcás inarb ábhartha, líon na n-aonad): | 4. **Ainm na dtáirgí nó na substaintí neamhúdaraithe a braitheadh:** | 5. **Líon na dtáirgí nó na substaintí neamhúdaraithe a braitheadh:**<br><br>— **An raibh an t-éilliú os cionn an Uasleibhéil Iarmhair a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** [1]**?**<br>☐ Bhí<br>☐ Ní raibh<br>☐ Ní bhaineann (N/B) |
| 6. **An chéim ar an slabhra soláthair inar braitheadh táirgí nó substaintí neamhúdaraithe:**<br><br>☐ Táirgeadh<br>*I gcás táirgeadh plandaí amháin*<br>— Roimh an mbuaint<br>— I ndiaidh na buainte<br>☐ Ullmhúchán<br>— Próiseáil/caomhnú<br>— Pacáistiú<br>— Marú, gearradh, glanadh nó muilleáil<br>☐ Dáileadh<br>☐ Stóráil | 7. **Foinse na dtáirgí nó na substaintí neamhúdaraithe agus an chúis a bhfuil siad i láthair;**<br><br>☐ D'úsáid an t-oibreoir táirgí nó substaintí nach bhfuil údaraithe i dtáirgeadh orgánach<br>☐ Cáitheadh sprae ó tháirgí nó substaintí nach bhfuil údaraithe i dtáirgeadh orgánach<br>☐ Meascadh táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú le táirgí neamhorgánacha nó táirgí atá á dtiontú<br>☐ Díol táirgí neamhorgánacha nó táirgí atá á dtiontú mar tháirgí orgánacha | 8. **Bearta a rinneadh**<br><br>Toirmeascadh margú ná úsáid na dtáirgí i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2018/848:<br><br>☐ Toirmeascadh<br>☐ Níor toirmeascadh<br>☐ Ní bhaineann (N/B)<br><br>[faisnéis bhreise roghnach] | |

[1] Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1). Níl sé infheidhme ach amháin maidir le bia agus beatha.

| | | |
|---|---|---|
| ☐ Cur ar an margadh<br>— Miondíol<br>— Mórdhíol<br>☐ Allmhairiú<br>— Post rialaithe teorann<br>— Pointe scaoilte i saorchúrsaíocht<br>☐ Easpórtáil<br><br>**Is táirge é atá:**<br><br>☐ Pacáistithe<br>☐ Ar an mórchóir | ☐ Ní dhearna an t-oibreoir na bearta réamhchúraim dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/848<br>☐ Easpa inrianaitheachta<br>☐ Tharla éilliú ag an gcéim níos luaithe den slabhra soláthair (sonraítear an chéim más eol í)<br>☐ Níor sainaithníodh foinse an éillithe agus an chúis a bhí leis (sonraítear an chúis)<br>☐ Eile (sonraítear) | |
| 9. **Faisnéis eile:** | | |

CUID II

**Dea-chleachtais**

Tabhair forléargas bliantúil ar na dea-chleachtais a dhoiciméadaíodh i do Bhallstát le linn na bliana roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 29(6) de Rialachán (AE) 2018/848 chun nach mbeidh táirgí agus substaintí ann nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach.

| |
|---|
| |

*Nóta:* **faisnéis maidir le cásanna a bhaineann le héilliú le táirgí nó substaintí nach bhfuil údaraithe de bhun Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2018/848 lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach sa Bhallstát ábhartha**

Agus rialuithe oifigiúla á ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán (AE) 2018/848 nó imscrúduithe oifigiúla á ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán sin, is é an teimpléad atá i gCuid I a fhéadfaidh na Ballstáit a úsáid chun cásanna éillithe a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta gach bliain, ar cásanna éillithe iad a bhraith an t-údarás inniúil le linn na bliana roimhe sin nó, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe.

Na cásanna éillithe nár dúnadh an t-imscrúdú oifigiúil ina leith faoin 31 Nollaig, tá siad le cur san áireamh sa tarchur le haghaidh na bliana dár gcionn.